



# 2020

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

**IPA**  
AN FORAS RIARACHÁIN  
INSTITUTE OF PUBLIC  
ADMINISTRATION

**UACHTARÁN**

Geraldine Tallon  
Iar-Ard Rúnaí  
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

**LEAS-UACHTARÁIN**

Martin Fraser  
Niamh O'Donoghue

Martin O'Halloran  
Robert Watt

**BALLRAÍOCHT  
AN BHOIRD**

Fergal Lynch (Cathaoirleach)  
Marian O'Sullivan (Ard-Stiúrthóir)  
Elizabeth Adams  
George Burke  
Pamela Byrne  
Teresa Cody (Ar scor Meitheamh 2020)  
Greg Dempsey (Ceaptha Meán Fómhair 2020)  
Raymond Dolan (Ar scor Nollaig 2020)

Lucy Fallon-Byrne (Ar scor Nollaig 2020)  
Pat Gallagher  
Carolyn Gormley (Ar scor Nollaig 2020)  
Attracta Halpin  
Mary Hurley (Ceaptha Lúnasa 2020)  
Stephen Mulvany  
Pat Naughton  
Barry Quinlan (Ar scor Iúil 2020)

**FOCHOISTÍ AN BHOIRD****AN COISTE AIRGEADAIS  
AGUS STRAITÉISE**

Fergal Lynch (Cathaoirleach)  
Pamela Byrne  
Carolyn Gormley (Ar scor Nollaig 2020)

Stephen Mulvany  
Marian O'Sullivan

**AN COISTE  
RIARACHÁIN**

Pat Gallagher (Cathaoirleach)  
Elizabeth Adams  
Teresa Cody (Ar scor Meitheamh 2020)

Raymond Dolan (Ar scor Nollaig 2020)  
Lucy Fallon-Byrne (Ar scor Nollaig 2020)

**COISTE  
INIÚCHÓIREACHTA  
AGUS RIOSCA**

Raymond Dolan (Cathaoirleach / Ar scor Bealtaine 2020)  
Pat Naughton (Cathaoirleach / Ceaptha Bealtaine 2020)  
George Burke

Attracta Halpin  
Barry Quinlan (Ar scor Iúil 2020)

**COISTÍ  
AN FHORAIS  
RIARACHÁIN****AN COISTE  
OIDEACHAIS**

Moling Ryan (Cathaoirleach)  
Dermot Clynes  
Tony Donohoe (Ar scor Feabhra 2020)  
Kevin Foley  
Chief Supt Patrick Murray  
Brian Hackett  
Aidan Horan

Lt Col Rory McCorley  
Michael Mulreany  
Denis O'Brien  
Eric Ó Cuinn  
Doncha F. O'Sullivan  
Marian O'Sullivan  
John Ryan

**COISTE  
FOILSITHEOIREACHT  
LEABHAR**

Maurice Manning (Cathaoirleach)  
Richard Boyle  
Dónal de Buitléir  
Tom Fennell

Philip Hamell  
Paul Haran  
Blathna Ruane



# AN FORAS RIARACHÁIN

57- 61 Bóthar Lansdún,  
Baile Átha Cliath D04 TC62  
Guth.: +353 1 240 3600  
Facs: +353 1 668 9135  
[information@ipa.ie](mailto:information@ipa.ie)  
[www.ipa.ie](http://www.ipa.ie)

Nóta: Tógadh na grianghraif sa tuarascáil seo de ghrúpaí nach bhfuil ag déanamh scartha shóisialta roimh an phaindéim Covid-19.



# CLÁR ÁBHAR

|    |                                                           |
|----|-----------------------------------------------------------|
| 05 | TUARASCÁIL ÓN ARD-STIÚRTHÓIR & Ó CHATHAOIRLEACH AN BHOIRD |
| 08 | OIDEACHAS                                                 |
| 10 | TAIGHDE                                                   |
| 13 | OILIÚINT & FORBAIRT                                       |
| 17 | SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA                                   |
| 19 | LEABHARLANN & SEIRBHÍSÍ EOLAIS                            |
| 21 | FOILSITHEOIREACTH                                         |
| 23 | SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS & CORPARÁIDEACHA                     |
| 25 | SEARMANAIS BHRONNTA                                       |
| 29 | FOR-ROCHTAIN                                              |
| 31 | BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHORAIS                       |





# 01

TUARASCÁIL ÓN  
ARD-STIÚRTHÓIR &  
Ó CHATHAOIRLEACH  
AN BHOIRD

## 01

## TUARASCÁIL ÓN ARD-STIÚRTHÓIR &amp; Ó CHATHAOIRLEACH AN BHOIRD

Bhí an bhliain 2020 an-dúshlánach mar gheall ar thús na paindéime Covid-19, ach d'fhreagair foireann an IPA go tapa agus go héifeachtach do na hathruithe gan choinne a bhí ag teastáil. Táimid buíoch den bhfoireann, de na mic léinn agus de chliaint na hInstitiúide, a d'oibrigh linn agus a thug tacaíocht dúinn agus sinne ag déileáil go proifisiúnta agus go praiticiúil le géarchéim nach rabhtas ag súil léi agus a chuaigh go mór i bhfeidhm orainn.



AN DR FERGAL LYNCH  
Cathaoirleach



AN DR MARIAN O'SULLIVAN  
Ard-Stiúrthóir

Mar gheall ar scaipeadh domhanda Covid-19 go luath in 2020, agus díospóireachtaí faoi cé acu an leanfadh Éire tíortha eile maidir le cúrsaí srianta nó nach leanfadh, thug an IPA faoi phleananna teagmhasacha a chur le chéile agus faoi pholasaithe agus nósanna imeachta a scrúdú chun cláir oideachais agus oiliúna a sheachadadh ar líne, le haghaidh cianobair agus scrúduithe a éascú. Bhunaigh an Foras grúpa straitéiseach Covid-19 ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí gan mhoill. Tháinig an grúpa seo le chéile go rialta chun comhaontú ar bheartas an Fhorais maidir leis an ngéarchéim Covid-19 de réir mar a bhí sí ag forbairt. Mheas sé roghanna agus chomhordaigh sé freagraí ar réimse ábhar straitéiseach, bainistíochta agus oibríochta. Bunaíodh Grúpa Oibre foirmiúil ar Sheirbhísí Cumasaithe ag Teicneolaíocht láithreach bonn, a rinne meastóireacht ó thaobh na teicneolaíochta de ar na riachtanais chun leanúint le seachadadh na seirbhísí go léir. Ina dhiaidh sin bunaíodh grúpa oibre Covid-19 laistigh den bhfoireann bainistíochta saoráidí mar aon le grúpa folláine foirne. Ní raibh an IPA i bhfad ag cur ar chumas

na foirne oibríú ón mbaile agus seachadadh clár oiliúna agus oideachais agus measúnú, eispéireas an fhoghlaimeora agus obair na foirne go léir a athrú ar bhealaí a chloígh le prionsabail agus cleachtais dea-rialachais eagrúcháin. Cuireadh tuarascálacha inmheánacha ar na rioscaí a bhí roimh an bhForas faoi bhráid Bhord an IPA ar bhonn míosúil. De bharr na struchtúr cinnteoireachta atá i bhfeidhm cheana san IPA bhíothas in ann cinntí éifeachtúla eolasacha a dhéanamh. Mar thoradh ar ár gcumas gníomhú go cinntitheach agus go héifeachtúil rinneadh bainistiú éifeachtach ar an dúshlán a bhaineann le baill foirne a bheith i mbun cianoibre in éineacht le seachadadh seirbhísí ar líne. Léirigh forbairt agus úsáid thapa crua-earraí agus bogearraí go raibh an bhainistíocht agus an fhoireann tiomanta do ghlacadh le hathrú agus dá chur i bhfeidhm. De bharr na struchtúr bainistíochta, na bpróiseas riosca agus iniúchta, agus de bharr cultúr an rialachais atá leabaithe san IPA agus ar fud na rannán go léir bhí ar ár gcumas na caighdeán agus na prionsabail uileghabhálacha trína ndéanamh ár seirbhísí a sholáthar dár gcomhghleacaithe sa tseirbhís phoiblí a chomhlíonadh le linn na paindéime.

Is é an IPA an t-aon ghníomhaireacht forbartha seirbhíse poiblí in Éirinn atá dírithe ar fhorbairt na hearnála poiblí amháin. Tá an Foras Riarachán bródúil as a mhisean agus a fheidhm maidir le soláthar meascáin uathúil d'oideachas, oiliúint, taighde, foilsitheoireacht, comhairleoireacht agus seirbhísí tacaíochta eile don earnáil phoiblí ar fad. Trínár gcuid fóram, seimineár agus foilseachán cuirimid plé chun cinn leis, ar fhorbairt agus treo na seirbhísí poiblí-earnáse anseo. De bharr an chuir chuige tras-earnála seo cinntítear go bhfuil meon uathúil atá dírithe ar an rialtas ina iomláine ag an bhForas i leith gach rud atá dtugaimid faoi. D'éirigh linn ár gcuid seirbhísí go léir a sheachadadh le linn paindéime Covid-19.

Tugann an tuarascáil bhliantúil deis machnaimh ar a bhfuil bainte amach ag an bhForas le linn 2020. Tugann sé deis leis, aitheantas a thabhairt do na hardleibhéil proifisiúntachta, saineolais, tiomantais agus don obair chrua atá déanta ag foireann den chéad scoth agus ag Bord an Fhorais Riaracháin. Tá sé tábhachtach ceiliúradh a dhéanamh ar bhliain an-rathúil i gcúinsí an-dúshlánacha agus deacra agus aitheantas a thabhairt don obair a rinneamar.

Lean an Foras air ag tairiscint cláir fochéime agus iarchéime idir leibhéal 6 agus leibhéal 10 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Gheobhaidh



Robert Watt, Ard-Rúnaí, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag labhairt ag an gcomhdháil 'Nuálaíocht sa Tseirbhís Phoiblí' de chuid an IPA.

mic-léinn a chláraigh ar chlár oideachais cáilíochtaí a bheidh creidiúnaithe ag ONÉ. Bhí an searmanas bronnata ar líne do chlár chreidiúnaithe ar siúl i Mí na Nollag nuair a bronnadh dioplómaí agus céimeanna ar 1,012 céimí agus bronnadh teastais ar 647 mac léinn de bhreis air seo.

Tairgeadh seacht gcinn de speisialtóireachtaí ar an gclár Baitsiléara Ealaíon (Onór.) agus ceithre cinn ar an gClár Baitsiléara Gnó (Onór.). Lena chois sin thairg an Foras réimse leathan clár teastais agus dioplóma, idir chlár staidéar dlí agus clár staidéar ríomhaireachta, clár ar Údarás Áitiúil agus clár ar Sholáthair Phoiblí. Tairgeadh cuid de na dioplómaí gairmiúla i gcomhar le comhlachtaí rialtais mar an Phríomh-Oifig Staidrimh, Coimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann (IHREC), an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Phoiblí. Ar an iomlán, bhí breis is 1,470 mac-léinn cláraithe inár gcuid clár céime in 2020.

Bliain choiteann is ea an chéad bhliain de chlár Mháistreachta Ealaíon an Fhorais, agus bronnar Dioplóma larchéime i mBainistíocht Phoiblí ina taobh. Sa dara bliain, gabhann na mic-léinn ar aghaidh chuig sainréimse agus tá rogha seacht gceann ar fáil dóibh. 202 mac-léinn san iomlán a bhí cláraithe ar chlár Mháistreachta Ealaíon. Cuireadh tús leis an gclár Dochtúireachta sa Rialachas i 2003 agus in 2020 bhí seisear mac léinn agus tríocha cláraithe thar gach bliain den chlár dochtúireachta.

Tá foireann bheag, lánaimseartha, thiomanta ag an bhForas Riaracháin atá ag tabhairt faoi thaighde feidhmeach do ranna rialtais agus comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí. Ghlac an Rannán Taighde páirt i gclár taighde leis an Rannán um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar rannpháirtíocht saoránach maidir le ceapadh beartais.

Rinne baill d'fhoireann an IPA dhá cheann de na ceithre chás-staidéar sa chlár taighde seo, dhírigh siad (i) ar thionscnamh píolótach ar bhuiséadú rannpháirtíochta i gComhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus (ii) ar an aistriú





Laura Burke, Ard-Stiúrthóir, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, agus an Dr Marian O'Sullivan, Ard-Stiúrthóir, IPA, ag sínú an chonartha le haghaidh mórchlár taighde.

chuig iarratais ar líne ag an Roinn Talmhaíocht, Bia agus Mara maidir leis an Scéim Iocaíochta Feirme Bunúsaí. Foilsíodh Public Sector Trends 2020an t-aonú tuarascáil déag den tsraith chomh maith.

Faoi tsraith 'Rialtas Áitiúil', foilsíodh trí thuarascáil taighde:

- *Knowledge Management: Lessons For Local Government* le Joanna O'Riordan;
- *Municipal Districts – A Review* le Richard Boyle, Joanna O'Riordan, Laura Shannon agus Fergal O'Leary;
- *Measuring Customer Satisfaction in Local Government* le Richard Boyle.

I mí Eanáir shínigh an IPA conradh le haghaidh mórchlár taighde leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe rialachais uisce in Éirinn. Is iad cuspóirí an chlár taighde dhá bhliain seo ná:

- smaointeoireacht a threorú maidir leis an *River Basin Management Plan, 2022–2027* den tríú timthriall, 2022–2027 atá á fhorbairt faoi láthair ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht;
- ceachtanna a foghlaimíodh ó shocruithe nua rialachais maidir le huisce a roinnt le réimsí eile de sheirbhís phoiblí na hÉireann.

De réir na straitéise foilsitheoireachta atá faoi mhaoriseacht Choiste Foilsitheoireacht Leabhar an Fhorais críochnaíodh roinnt téacsanna nó faomhadh i gcomhair a bhfoilsithe iad: Áirítear orthu seo:

- *Industrial Relations in Ireland* (5 ú eagrán) le Joseph Wallace, Patrick Gunnigle agus Michelle O'Sullivan;
- *A Species of Delusion? The Inspectors of Irish Fisheries 1819–2019* le Noël P Wilkins.

Tá *Ireland – A Directory* ar an bhfód le cúig bliana déag is daichead anuas agus tá sé á fhoilsiú i gcónaí ag an bhForas Riarachán. Glactar leis gurb é an tEolaire seo an bunachar sonraí is cuimsithe in Éirinn é faoi eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha. Tá níos mó ná 9,000 eagraíocht san Eolaire. Tá sé ar fáil freisin mar aip teileafóin nó aip deisce.

Sa Rannóg Oiliúna lean an Foras air ag cur réimse leathan clár foghlama agus forbartha, idir phoiblí agus sainoiriúnaithe, ar fáil mar aon le seirbhísí speisialaithe comhairleacha i réimsí na ceannaireachta agus bainistíochta earnála poiblí, i mbainistíocht acmhainní daonna, rialachas, cuntasáocht, bainistíocht airgeadais, iniúchóireacht, bainistíocht tionscadail agus clár agus teicneolaíocht faisnéise lena n-áirítear clár chreidiúnaithe as a leanann ballraíocht fhoirmiúil de chomhlachtaí gairmithe. Laistigh de R1, aistríodh gach fóram agus príomhimeacht agus gníomhaíocht eile go formáid ar líne, ag baint úsáide as raon ardáin oideachais agus ar líne lena n-áirítear Moodle, MS Teams, Panopto agus GoToWebinar. Dhírigh an cur chuige teagaisc

agus foghlama ar chomhtháthú na n-acmhainní atá ar fáil, m.sh. fístai-feadtaí, cás-staidéir, scan-náin, seachadadh fíor-ama, uirlisí agus teicnící idirghníomhacha. San Fhoireann Ceannaireachta agus Bainistíochta, cuireadh tús le roinnt clár saincheaptha il-mhodúl i dtreo dheireadh 2019 agus d'oibrigh an fhoireann as láimh a chéile le cliaint chun iad seo a athchumrú le haghaidh seachadta ar líne le linn 2020. Tugadh clár bhainistíochta shinsearach don Earnáil um Cheartas Coiríúil, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Iompair, IHREC agus roinnt údarás áitiúil chun críche le haghaidh a seachadta i Ráithe 4. Chuir an Fhoireann Ceannaireachta tús le hobair freisin ar dhearadh agus ar fhorbairt oiliúna chun acmhainn ceannaireachta na bhfoirne gníomhaíochta aeráide a thógáil chun bearta gníomhaíochta aeráide áitiúla a sheachadadh ar fud feidhmeanna uile an údarás áitiúil. Beidh an oiliúint mar ghné amháin de chomhoibriú ar leith ó réimse rannpháirtithe, arna mbainistiú ag na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhaíocht Aeráide, le tacaíocht ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus arna seachadadh trí Ghrúpa Oiliúna Náisiúnta Seirbhísí na nÚdarás Áitiúil. Tá sé seo ar cheann de na babhtáí comhoibrithe is suntasaí don bhForas i stair a cuid oibre um fhorbairt ceannaireachta, ag baint úsáide as cleachtais, uirlisí agus teicnící na ceannaireachta oiriúnaithe chun acmhainn na mbainisteoirí poiblí agus eagraíochtaí rialtais áitiúil a mhéadú d'fhonn athrú iompraíochta a chur chun cinn agus chun dul i ngleic leis na dúshláin chast a ghabhann le hathrú aeráide.

Maidir le clár chreidiúnaithe CIPD (Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha), bhí éileamh láidir in 2020 ar ár Dioplóma CIPD i gCleachtas Acmhainní Daonna agus an Dioplóma CIPD i bhFoghlaim & Forbairt. Seachadadh clár lárnacha agus clár chliant-bhunaithe ar aon. Leanamar ar aghaidh le clár Eadránaithe Deimhnithe de chuid Institiúid Eadránaithe na hÉireann ar bhonn hibrideach. Rinneamar iarracht seisiúin agus tacaíocht ar líne a mheacadh le roinnt seachadta duine le duine le haghaidh gnéithe faoi scileanna praiticiúla, nuair a b'fhéidir agus nuair ba iom-chuí, agus de réir na treorach sláinte poiblí.

Bhí éileamh láidir ar bhainistíocht airgeadais agus ar sheirbhísí a bhaineann le cuntasáocht. Áiríodh ar sheirbhísí comhairliúcháin comhairle ar ráitis ar rialú inmheánach, ráitis airgeadais bhliantúla agus córais dearbhaithe, chomh maith le beartais agus prótacail airgeadais a fhorbairt do phríomhearnálacha. Seoladh an Teastas CIP-FA (Institiúid Chairte um Airgeadas Poiblí agus Cuntasáocht) i mBainistíocht Airgeadais Phoiblí Idirnáisiúnta, leis.

Ina theannta sin, seoladh Fóram Tithíochta nua i mí Lúnasa. Tá clár uailmhianach imeachtaí ag an bhfóram seo, lena n-áirítear seimineáir ghréasáin mhíosúla do chleachtóirí tithíochta ar réimse leathan de réimsí sainspéise comhairleach.

Roimh an dianghasáil agus sular aistríodh go clár fíorúil go hiomlán, d'óstáil an Fóram Rialachais ceithre imeacht pearsanta in 2020. Ó mhí an

Mhárta ar aghaidh, réachtáladh an fóram mar fhóram fíorúil agus aistríodh go rathúil é chuig sraith seimineáir ghréasáin ar líne. Mar gheall ar an rochtain níos leithne agus níos lú srianta ar rochtain bhaineamar líon freastalaithe amach nach raibh againn riamh roimhe. Thug an t-ardán fíorúil deis dúinn rochtain níos éasca a fháil ar rannchuiditheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus bhíomar an-sásta leis an aiseolas agus an t-aitheantas dearfach a fuairamar ó bhall-eagraíochtaí an fhórim.

Leanadh den chomhpháirtíocht le Seirbhísí Idirnáisiúnta le ENA (École Nationale d'Administration) chun tionscadal a chur i bhfeidhm i dte-anna a chéile i Scoil Náisiúnta an Riaracháin (INA) sa Rómáin, d'fhonn leibhéal a cuid seirbhísí a chur chun cinn ar an iomlán agus chun inniúlachtaí nua a chothú. Bhí fás ag teacht ar ár gcaidreamh le hOifig Choimisiún na Státseirbhíse (OCSC) sa Téalainn i gcónaí. I mí an Mhárta fuairamar deimhniú gur éirigh lenár dtogra don OCSC chun clár a seachadadh in Éirinn. Mar sin féin, i bhfianaise na srianta a bhí ag teacht chun cinn ar thaisteal idirnáisiúnta de bharr na paindéime domhanda, chuir an OCSC siar díospóireachtaí ar an gcéad chéim eile de thosach an chonartha.

Bhí feidhmíocht airgeadais dhearfach againn in 2020. Rinneadh infheistíocht shuntasach chun ár mbonneagar cibearshlándála agus TF, agus ár gcórais bainistíochta airgeadais a fheabhsú. Is pribhléid é don bhForas lucht saothair fíorchumasach proifisiúnta tiomanta a bheith aige, mar aon le lucht láidir comhghleacaithe. Tá an IPA tiomanta do thacaíocht a thabhairt don bhfoireann uile ina bhforbairt agus ina bhfolláine ghairmiúil agus phearsanta. Leanann speisialtóirí an fhorais ag tacú le réimse leathan eagraíochtaí atá ag dul faoi athrú mar thoradh ar an bpaindéim agus an próiseas athchóirithe ginearálta. Tugtar an tacaíocht dóibh mar idirghabhálacha foghlama agus forbartha gearrthéarmacha agus fadthéarmacha, mar shainchomhairle, mar thacaíocht comhairliúcháin agus mar chóitseáil d'fheidhmeannaigh.

Bliain an-táirgiúil agus an-fhiúntach ab ea 2020 don IPA. Rinneamar ár bPlean Straitéiseach a sheachadadh, chuireamar ár múnla gnó le chéile agus leanamar ar aghaidh chun cur lenár gcáil ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ba mhaith linn ár mbuiochas a ghabháil le Bord an IPA, le bail agus foireann agus comhlaigh uile an IPA, lenár gcuid mac léinn, ár gcliaint agus ár mball-eagraíochtaí agus ár meas a chur in iúl dóibh. Táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh lenár gcaidreamh táirgiúil leo sna blianta amach romhainn.

An Dr Fergal Lynch

Cathaoirleach

An Dr Marian O'Sullivan

Ard-Stiúrthóir



# 02

OIDEACHAS



## 02

## OIDEACHAS



**AN DR MICHAEL MULREANY**  
Ard-Stiúrthóir Cúnta

Is é an Foras Riaracháin an príomh-shain-soláthraí oideachais don tseirbhís phoiblí in Éirinn. Tá tábhacht ar leith ag baint le seirbhísí oideachais an Fhorais i láthair na huaire ina bhfuil athnuachan agus athrú ar siúl sa tseirbhís phoiblí. Tá ár gcuid clár dírithe ar scileanna agus eolas speisialtóir a sholáthar mar aon le tuiscint ar bhonn leathan ar bhainistíocht agus ar bheartas poiblí, scileanna anailíse agus deis dul ar aghaidh ó dhámhachtainí leibhéil 6 suas chuig leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Tá na clár ceaptha leis, chun seirbhís sholúbtha phearsantaithe a chur ar fáil d'fhonn éascaíocht a dhéanamh do mhicléinn atá ag obair go lánaimseartha agus chun tacú leo. Sa chomhthéacs sin tá tábhacht ar leith ag baint le tacaíocht agus seachadadh ar líne a sholáthar do mhic léinn agus is treocht nach féidir a sheachaint é i bhfianaise na paindéime Covid-19. Le blianta beaga anuas tá níos mó daoine ag tabhairt faoi chlár oideachais gach bliain.

### CLÁIR CHREIDIÚNAITHE DE CHUID OLLSCOIL NÁISIÚNTA NA hÉIREANN AGUS CHOLÁISTE OLLSCOILE BHAILE ÁTHA CLIATH

Idir 2001 agus 2011 bhí an Foras Riaracháin ina choláiste aitheanta de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann. Idir 2011 agus 2018 bhí an Foras Riaracháin ina choláiste aitheanta de chuid Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. In 2018 thosaigh an Foras Riaracháin arís mar choláiste aitheanta de chuid ONÉ. Tá mic-léinn a chláraíonn ar chlár oideachais ó Mheán Fómhair 2018 incháilithe chun cáilíochtaí atá creidiúnaithe ag ONÉ a fháil. Reachtáladh an searmanas bronntha do chlár chreidiúnaithe i mí ne Nollag 2020. Bronnadh dioplómaí agus céimeanna ar 1,012 céimí. Bronnadh teastais ar 647 mac-léinn eile.

Bogadh seachadadh na gclár ar líne in 2020 mar fhreagairt ar shrianta sláinte poiblí mar gheall ar phaindéim Covid-19. Sa bhliain 2020 thairg an

Foras sraith de chlár chéime agus iarchéime a chuimsigh gach leibhéal ó leibhéal 6 go leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí, mar seo a leanas:

### CLÁIR CHÉIME

Tairgeadh na príomhchlár - an Baitsiléir Ealaíon (Onór.) agus an Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) arís in 2020. Sa bhliain 2020 tairgeadh seacht gcinn de speisialtóireachtaí ar an gclár Baitsiléara Ealaíon (Onór.) agus ceithre cinn ar an gClár Baitsiléara Gnó (Onór.).

Lena chois sin thairg an Foras réimse leathan clár teastais agus dioplóma, idir chlár staidéar dlí agus clár staidéar ríomhaireachta, clár ar Údarás Áitiúil agus clár ar Sholáthair Phoiblí. Tairgtear cuid de na dioplómaí proifisiúnta i gcomhar le comhlachtaí rialtais. Clár bliana atá á thairiscint i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh is ea an Dioplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais. Cuirtear an Dioplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas ar fáil i gcomhar le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Cuirtear an Dioplóma Gairmiúil i gCaidreamh Tionscail agus Fostaíochta ar fáil i gcomhar leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. In 2020 tairgeadh dhá chlár nua, is é sin, an Dioplóma Gairmiúil i Nuálaíocht san Earnáil Phoiblí agus an Teastas Gairmiúil i mBainistíocht Caiteachais Phoiblí. Ar an iomlán, bhí breis is 1,470 mac-léinn cláraithe inár gcuid clár céime in 2020.

### CLÁIR IARCHÉIME

Bliain choiteann is ea an chéad bhliain de chlár Mháistreachta Ealaíon an Fhorais, agus bronnar Dioplóma larchéime i mBainistíocht Phoiblí ina taobh. Sa dara bliain, gabhann na mic-léinn ar aghaidh chuig sainréimse agus tá rogha seacht gceann ar fáil dóibh. In 2020 bhí 202 mac-léinn san iomlán cláraithe ar chlár Mháistreachta Ealaíon.

Clár dhá bhliana is ea an Mháistreachta Eolaíochta Eacnamaíochta in Anailís Bheartais. Bronntar Dioplóma larchéime in Anailís Bheartais ag deireadh na chéad bhliana. Déanann na mic-léinn staidéar ar réimse ábhar a bhaineann le beartas sa chéad bhliain agus bíonn siad ag obair ar thráchtas fheidhmeacha sa dara bliain. In 2020 chláraigh tríúr mac-léinn is fiche i mbliain a haon den gclár agus chláraigh naonúr mac-léinn i mbliain a dó.

Cuireadh tús leis an gClár Máistreachta Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht i mí Mheán Fómhair 2011. Clár páirtaimseartha dhá bhliana is ea an MSc seo. Bhain na chéad chéimithe a thug faoin



gclár céim amach i mí na Nollag 2013. Cláraíodh ionghabháil nua de bhreis is fiche mac-léinn ar an gclár in 2020.

Clár a leanann ar aghaidh ar feadh bliana amháin is ea an Teastas Gairmiúil i Rialachas. Cuireadh ar fáil ar dtús é in 2011. Bhí breis is 180 mac-léinn cláraithe sa chlár in 2020.

Cuireadh tús leis an gclár Dochtúireachta i Rialachas in 2003, agus bronnadh céimeanna ar an chéad grúpa céimithe in 2006. Idir 2003 agus 2011 bhí an clár Dochtúireachta i Rialachas á thairiscint i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste. In 2011 ghlac an Foras le socrú nua chun an clár a chur ar fáil i gcomhar le COBÁC. Bronnadh céim ar an chéad chéimí den chomhlár dochtúireachta de chuid an Fhorais Riaracháin agus COBÁC in 2015. In 2019 d'fhaomh ONÉ moladh an Fhorais freagracht iomlán a ghlacadh as riarachán agus seachadadh an chlár. Mar thoradh ar rollú nua thriúr déag in 2019 agus dáréag in 2020 is é tríocha sé líon na mac léinn atá cláraithe sa chlár dochtúireachta ar an iomlán.

**An Dr Michael Mulreany**  
Ard-Stiúrthóir Cúnta

**LOCAL GOVERNMENT:  
ENGAGING AND EMPOWERING LOCAL COMMUNITIES**

**LAURA SHANNON  
FERGAL O'LEARY**

LOCAL GOVERNMENT RESEARCH SERIES | **NO 16**  
MARCH 2020



**03**

TAIGHDE



## 03

## TAIGHDE

**Mar chuid d'obair na Rannóige Taighde d'earnáil na státseirbhíse agus gníomhaireachtaí stáit, foilsíodh roinnt tuarascálacha in 2020.**




**AN DR RICHARD BOYLE**  
Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caídrimh Chorpáide

Faoi obair don rialtas láir, tugadh faoi dhá phríomhréimse taighde i rith na bliana:

- Ghlac an Rannán Taighde páirt i gclár taighde le Rannán Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí sa Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí (RCPA) ar rannpháirtíocht saoránach maidir le ceapadh beartais. Rinne baill d'fhoireann an IPA dhá cheann de na ceithre chás-staidéar sa chlár taighde seo, dhírigh siad (i) ar thionscnamh piolótach ar bhuiséadú rannpháirtíochta i gComhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus (ii) ar an aistriú chuig iarratais ar líne ag an Roinn Talmhaíocht, Bia agus Mara maidir leis an Scéim Íocaíochta Feirme Bunúsáí. Lena chois sin ba chomhúdar an pháipéir uileghabhálach ar rannpháirtíocht saoránach i an fhoireann. D'fhoilsigh an RCPA na tuarascálacha go léir agus tá siad ar fáil ag <https://www.ops.gov.ie/news/citizen-engagement-in-our-public-service-case-studies-Meitheamh-2020>
- Foilsíodh an tuarascáil bhliantúil Treochtaí na hEarnála Poiblí, leis an Dr Richard Boyle i mí na Nollag. An t-aonú tuarascáil déag sa tsraith, scrúdaíonn sé treochtaí i bhforbairt na hearnála poiblí. Trí úsáid a bhaint as sonraí a tiomsaíodh ó roinnt foinsí éagsúla, cuirtear eolas i láthair ar mhéid agus costas na hearnála poiblí, cáilíocht an riaracháin phoiblí, éifeachtacht agus feidhmíocht, agus ar leibhéil iontaobhe agus muiníne ar shlí shimplí atá dian mar sin féin. Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag [https://www.ipa.ie/\\_fileUpload/Documents/PublicSectorTrends2020.pdf](https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/PublicSectorTrends2020.pdf)

Faoi tsraith taighde 'Rialtas Áitiúil', rinneadh trí staidéar taighde don Chumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA):



- *Municipal Districts – A Review (Ceantair Bardasacha – Athbhreithniú)* In ainneoin a bheith ann le roinnt blianta anuas, is beag atá scríofa faoi oibriú agus ról na gceantar bardasach. Scrúdaíonn an staidéar seo an chaoi a bhfuil ceantair bardasacha ag feidhmiú go praiticiúil, breathnaítear ar a gcuid buanna agus teorainneacha mar ghné den rialtas áitiúil, agus leagann sé béim ar dheiseanna agus ar dhúshláin maidir le hoibriú ceantar bardasach amach anseo. Rinneadh tagairt don taighde i gclár 2020 don rialtas. Tá an tuarascáil ar fáil ag [https://www.ipa.ie/\\_fileUpload/Documents/MunicipalReport\\_June2020.pdf](https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/MunicipalReport_June2020.pdf)
- *Measuring Customer Satisfaction in Local Government (Sástacht Chustaiméirí sa Rialtas Áitiúil a Thomhas)*

Sular ghlac an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil freagracht as sonraí a ghabhail maidir le sástacht chustaiméirí náisiúnta, d'iarr an CCMA ar an bhForas staidéar taighde a dhéanamh chun sástacht chustaiméirí a thomhas, chun ceachtanna a bhaint as dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuimsíonn an staidéar tionscnaimh náisiúnta sástachta custaiméirí agus freisin an méid a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leibhéal údarais áitiúil. Tá an tuarascáil ar fáil ag [https://www.ipa.ie/\\_fileUpload/Documents/measuring.pdf](https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/measuring.pdf)

- *City and County Management in Ireland, 1929–2020 (Bainistíocht Cathrach agus Contae in Éirinn, 1929–2020)* Bhí an fhoireann taighde ag obair ar an leabhar seo freisin, a fhoilseofar i bhfómhar na bliana 2021. Cuimsíonn an leabhar liostú de phríom-

hfheidhmeannaigh uile na n-údarás áitiúil ó bunaíodh an stát, mar aon le caibidlí eile a bhaineann le rialtas áitiúil. Is ionann é agus leagan nuashonraithe d'fhoilseachán den chineál céanna a rinne an Foras in 1991.

I mí Eanáir shínigh Rannán Taighde an Fhorais conradh le haghaidh mórchlár taighde leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe rialachais uisce in Éirinn. Is iad cuspóirí an chlár taighde dhá bhliain seo ná:

- smaointeoireacht a threorú maidir leis an *River Basin Management Plan, 2022–2027* den tríú timthriall, 2022–2027 atá á fhorbairt faoi láthair ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht;
- ceachtanna a foghlaimíodh ó shocruithe nua rialachais maidir le huisce a roinnt le réimsí eile de sheirbhís phoiblí na hÉireann.

Mar chuid den chlár taighde seo, chríochnaigh an fhoireann taighde dhá pháipéar in 2020, a d'fhoilsigh an EPA in 2021:

- Déanann an chéad tuarascáil measúnú ar rialachas uisce in Éirinn ag baint úsáide as an gCreat Táscaire Rialachais Uisce. Uirlis is ea é a d'fhorbair an ECFE sa bhliain 2018 chun cabhrú le tíortha a ndul chun cinn i dtreo Chreat-Treoir Uisce an AE a mheas. Tá an tuarascáil ar fáil ag [https://www.epa.ie/publications/research/epa-research-2030-reports/Research\\_Report\\_372.pdf](https://www.epa.ie/publications/research/epa-research-2030-reports/Research_Report_372.pdf)
- Úsáideann an dara tuarascáil lionsa rialachais turgnamhach chun socruithe rialachais uisce na hÉireann a scrúdú. Tá an tuarascáil ar fáil ag [https://www.epa.ie/publications/research/epa-research-2030-reports/Research\\_Report\\_373.pdf](https://www.epa.ie/publications/research/epa-research-2030-reports/Research_Report_373.pdf)

Saothar eile a rinne an Rannán Taighde ab ea caibidil tíre maidir le hÉirinn a chur ar fáil le haghaidh tionscadal arna choimisiúnú ag an AE, ina bhfuiltear ag féachaint ar threochtaí athchóirithe riaracháin phoiblí ar fud an AE 28 (European Public Administration Country Knowledge – EUPACK2 (Eolas Tíre Riaracháin Poiblí na hEorpa – EUPACK2).

Rinne baill den fhoireann taighde fairsings leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir lena clár athstruchtúraithe 2019.

Tá an fhoireann taighde freagrach as eagarthóireacht a dhéanamh ar Administration, dialann taighde an Fhorais a bhfuil piarmheasúnú déanta air. Foilsítear ceithre eagrán gach bliain. Tagann coiste comhairlithe eagarthóireachta na hirise le chéile uair sa bhliain. Tá lucht acadúil mór-le-rá ag a bhfuil cúlra bainistíochta poiblí agus polaitíochta ar an gcoiste seo. Ómós don Dr Richard Boyle a bhí in eagrán mhí na Nollag 2020.



Is é an tIar-cheann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorpáraidigh a chuaigh ar scor ón bhForas tar éis ceithre bliana is tríocha ag deireadh 2020. Áiríodh san eagrán speisialta réimse leathan páipéar ina ndéantar machnamh ar dhúshláin agus eispéiris na hearnála poiblí maidir le hathchóiriú na seirbhíse poiblí. Tá teacht saor in aisce ar líne ar gach alt ó imleabhar 63 ar aghaidh: <https://sciendo.com/journal/ADMIN>

D'fhoilsigh an Rannán Taighde *Local Authority Times* agus an *EU News Bulletin* rith na bliana freisin.

*Chuir an fhoireann tacaíocht ar fáil freisin d'Ireland – A Directory* de chuid an Fhorais, chomh maith le ranníocaíochtaí le clár Oideachais agus Oiliúna an Fhorais. Ina theannta sin, chuir an fhoireann caibidil ar 'Policy Analysis in the Irish Civil Service' le foilseachán nua dar teideal *Policy Analysis in Ireland*, a chuir Mary Murphy agus John Hogan in eagar, agus a d'fhoilsigh Bristol University Press.

An Dr Richard Boyle

Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorpáraidigh



# 04

OILIÚINT &  
FORBAIRT



## 04

## OILIÚINT &amp; FORBAIRT

In ainneoin thionchar Covid-19, ba bhliain rathúil í 2020 ar fud na n-aonad. Bhí sé seo le sonrú go háirithe sa chaoi a ndeachaigh na foirne i mbun gnímh go tapa agus go rathúil chun réimse éagsúil tairiscintí ar líne um fhoghlaim chumaisc, cúrsaí, seimineáir gréasáin agus cláir ábhair speisialta a dhearadh, a chruthú agus a sheachadadh. Le linn R1, aistríodh gach fóram agus príomhimeacht agus gníomhaíocht eile go formáid ar líne, ag baint úsáide as réimse ardán oideachais agus ardán ar líne lena n-áirítear Moodle, MS Teams, Panopto agus GoToWebinar.



**TERESA CASSERLY**  
Stiúrthóir, Forbairt Ghnó,  
Ceannaireachta agus  
Bainistíochta, agus Seirbhísí  
Idirnáisiúnta

mhalairtí de chur chuige cumaiscthe nó hibrideach. Dá réir sin geallaimid go nglacfaimid leis na hathruithe seo agus go dtapóimid na deiseanna. Ó thaobh feidhmíochta airgeadais de, bhí bliain eisceachtúil ag gach ceann de na haonaid agus bhain siad amach na spriocanna uailmhianacha buiséadacha, in ainneoin na ndúshlán. Chomh maith le tairiscintí oiliúna agus forbartha ar fud réimse na bainistíochta airgeadais agus cuntaíochta, na bainistíochta acmhainní daonna, na teicneolaíochta faisnéise, na bainistíochta tionscadail, an rialtas agus rialachais áitiúil, cuirimid cúrsaí agus cláir atá creidiúnaithe go gairmiúil ar fáil freisin. Maidir lenár bpunann éagsúlaithe, coimisiúnaíodh sinn freisin chun seirbhísí comhairleoireachta agus comhairleacha a sholáthar sa rialtas láir, sa rialtas áitiúil, do chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit, comhlachtaí rialála, institiúidí ardoideachais, boird oideachais agus oiliúna, aonáin atá ag fáil maoinithe phoiblí agus aonáin sochair phoiblí, don earnáil spóirt agus do chomhlachtaí rialaithe náisiúnta.

Sa réamheolaire ar líne le haghaidh 2020 agus sa réamheolaire reatha le haghaidh 2021 tugtar taispeántas tábhachtach dár seirbhísí, agus is minic a lorgaítear go leor clár ar an liosta imeachtaí lárnacha mar imeachtaí intí, arna saincheapadh d'eagraíochtaí ar leith. Cuimsíonn féilire na n-imeachtaí lárnacha níos mó ná 130 imeacht sceidealta amháin.

### CEANNAIREACHT & BAINISTÍOCHT

Agus é dírithe ar bhainisteoirí sinsearach a in earnáil na n-údarás áitiúil agus deartha chun a gcumas ceannaireachta a fheabhsú chun dul i gceannas ar dhúshlán atá ag éirí níos casta agus débhríoch de réir a chéile, cuireadh tús lenár gClár Ceannaireachta i Rialtas Áitiúil i, i Márta 2020 le cúig bhainisteoir is fiche is fiche ó róil riaracháin agus theicniúla ar fud fiche éigin údarás áitiúil. Tá an clár cónaithe ceithre mhodúil seo dírithe ar luach poiblí a sheachadadh trí cheannaireacht oiriúnaitheach i gceangal le cur chuige 'foghlaim trí ghníomh' i leith dúshlán cheannaireachta na rannpháirtithe. Tumtar na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí, stíleanna teagaisc agus cuir chuige foghlama éagsúla, i ndeiseanna leanúnacha d'fhoghlaim idir píaraí agus i gcóitseáil don duine aonair. Tugann an

clár páirt do na rannpháirtithe in idirphlé le ceannairí sinsearach a ó gach cearn den tseirbhís phoiblí chun peirspictíochtaí a mhalartú, tuiscint a fháil ar nádúr an dúshláin ceannaireachta ina n-earnáil, agus rochtain a fháil ar chomhairle agus treoir maidir le dúshlán agus deiseanna gairme amach anseo.

I gcomhthéacs nádúir eispéireasaigh agus gné cónaithe an chlár Ceannaireacht i Rialtas Áitiúil, bhí tionchar suntasach ag na srianta paindéime a cuireadh ar chruinnithe agus ar ionaid comhdhála i R2 ar na modúil a bhí fágtha. D'éirigh linn gnéithe áirithe den chlár a athchumrú le haghaidh a seachadta ar líne agus cuireadh roinnt modúl siar go hiomlán go dtí gur féidir fillleadh ar sheachadadh pearsanta. Tá sé i gceist modúil deiridh an chlár a chur i gcrích a luaithe agus is féidir fillleadh go slán sábháilte ar fhoghlaim agus ar fhorbairt phearsanta uair éigin i 2021.

Idir an dá linn, cuireadh tús le roinnt clár saincheaptha, il-mhodúil i dtreo dheireadh 2019 agus d'oibrigh an Fhoireann Ceannaireachta & Bainistíochta as láimh a chéile le cliant chun iad seo a athchumrú le haghaidh a seachadta ar líne le linn 2020. Tugadh cláir bhainistíochta shinsearach don Earnáil um Cheartas Coiriúil, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Iompair, IHREC agus roinnt údarás áitiúil chun críche le haghaidh a seachadta i Ráite 4. Cuireadh tús le clár fairsing tacaíochta agus oiliúna laistigh den réimse chun foireann innmheánach clár, speisialtóirí oiliúna agus speisialtóirí comhlachaithe a threorú agus tacú leo chun ábhar foghlaimora a chruthú, torthaí foghlama a bheachtú, ábhair tacaíochta foghlama a cheapadh le haghaidh foghlama féin-bhainistithe, agus teicneolaíochtaí foghlama éagsúla agus ardáin a úsáid chun eispéireas foghlama foghlaimoirí ar líne a fhorbairt agus a fheabhsú.

Lean an Fhoireann Ceannaireachta ag obair as láimh a chéile leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil chun tacú le seachadadh an Chláir Iarchéime Rialtais Áitiúil a leanann ar aghaidh ar feadh trí bliana agus a thosaigh in 2018. Seachadtar na modúil atá bunaithe ar inniúlacht go réigiúnach agus seachadtar seisiún ionductúcháin ó áit lárnach. In 2019 chuaigh céimithe isteach i gcláir ag a bhfuil creidiúnú gairmiúil ar fud sé shrutha: Fiontar Eacnamaíoch agus Forbairt Ghnó; Bainistíocht

Leanamar orainn ag forbairt ár gcur chuige teagaisc agus foghlama chun na hacmhainní atá ar fáil a chomhtháthú, m.sh. fístaifeadtaí, cás-staidéir, scannáin, seachadadh fíor-ama, uirlisí agus teicnící idirghníomhacha. Leanfaidh an éabhlóid seo ar aghaidh nuair is léir dúinn go bhfuil acmhainneacht leanúnach ag na cláir oideachais, oiliúna agus forbartha fíorúla agus neamhshioncronacha. Adhmaimid go leanfaidh an t-éileamh ar sheachadadh seirbhísí ar líne ar aghaidh go ceann i bhfad agus níos faide anonn fós agus go mbeidh éileamh sa todhchaí ar



Aonad Oiliúna AD (c-d): Rebecca Cooney, Eoin Smyth, Maebh O'Connor, Edwin Maguire, Frances Stephenson agus Jane Greer.

Acmhainní Daonna; Bainistíocht Tionscadail agus Cláir; Straitéis Nuálaíochta agus Bainistíocht Athraithe; Cumarsáid agus Margaíocht; agus Anailísíocht Sonraí agus Méadrachtaí Sonraí. Cuireadh na cláir seo i gcrích leath shli tré 2020. Cuireadh tús le hobair ar athdhearadh na modúl eile a bhí bunaithe ar inniúlacht chun iad a sheachadadh ar líne in 2021.

Chuir an Fhoireann Ceannaireachta tús le hobair freisin ar dhearadh agus ar fhorbairt oiliúna chun acmhainn ceannaireachta na bhfoirne gníomhaíochta aeráide a thógáil chun bearta gníomhaíochta aeráide áitiúla a sheachadadh ar fud feidhmeanna uile na n-údarás áitiúil. Beidh an oiliúint mar ghné amháin de chomhoibriú uathúil ag réimse rannpháirtithe agus é á bainistiú ag na hOifigí Réigiúnacha um Gníomhaíocht Aeráide, le tacaíocht ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus á seachadadh trí Ghrúpa Oiliúna Náisiúnta Seirbhísí na nÚdarás Áitiúil. Tá sé seo ar cheann de na babhtaí comhoibrithe is suntasaí don bhForas i stair a chuid oibre um fhorbairt ceannaireachta, ag baint úsáide as cleachtais, uirlisí agus teicnící na ceannaireachta oiriúnaithe chun acmhainn na mbainisteoirí poiblí agus eagraíochtaí rialtais áitiúil a thógáil d'fhonn athrú iompraíochta a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta an athrú aeráide. Chuaigh an Foras i mbun oibre le roinnt comhoibritheoirí náisiúnta ó institiúidí acadúla, ón rialtas láir agus ón áitiúil, ó Sheirbhís Mheiteareolaíoch na hÉireann, ó Chumann na Rialtas Áitiúil in Éirinn, ó ghníomhaireachtaí fuinnimh agus ó MaREL, is é sin, Ionad Taighde de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann um Fhuinneamh, Aeráid agus Mara atá ar thús cadhnaíochta sa domhan. Bhí an obair ar fad á comhordú ag an Institiúid Taighde Comhshaoil i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

Tabharfar Clár Oiliúna Gníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil ar an gclár nuair a bheidh sé críochnaithe. Seolfar i 2021 é. Is é an clár oiliúna is mó i stair an rialtais áitiúil in Éirinn é. Faoi na gclár seo beidh gach duine de thuairim is 29,000 ball foirne na n-údarás áitiúil rannpháirteach sa chlár oiliúna agus tacóidh siad leis an earnáil chun iarrachtaí dearfacha gníomhaíochta aeráide a atreorú agus tacú leo thar réimse na seirbhísí agus na bhfeidhmeanna a chuirtear ar fáil ag leibhéil áitiúla agus pobail. Beidh na cúrsaí oiliúna, faoi sé chinn de chrainn taca, mar bhonn agus taca leis na tiomantais atá leagtha amach faoi Gníomh 150 de Phlean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann bhfuil d'aidhm aige ceannaireacht gníomhaíochta aeráide na n-údarás áitiúil a neartú agus a chumhachtú agus acmhainn a thógáil laistigh den earnáil chun seachadadh gníomhaíochta aeráide éifeachtaí a threisiú tuilleadh.

### AONAD BAINISTÍOCHTA ACMHAINNÍ DAONNA

Maidir le cláir chreidiúnaithe CIPD (Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha), bhí éileamh láidir in 2020 ar ár Dioplóma CIPD i gCleachtas Acmhainní Daonna agus an Dioplóma CIPD i bhFoghlaim & Forbairt. Seachadadh cláir lárnacha agus cláir chliant-bhunaithe ar aon. Leanamar ar aghaidh le clár Eadránaithe Deimhnithe de chuid Institiúid Eadránaithe na hÉireann ar bhonn hibrídeach. Rinneamar iarracht seisiúin agus tacaíocht ar líne a mheascadh le roinnt seachadta duine le duine le haghaidh gnéithe faoi scileanna praiticiúla, nuair a b'fhéidir agus nuair ba iomchuí, agus de réir na treorach sláinte poiblí.

Ar na cláir ghearra ar líne le haghaidh 2020, d'fhreastail an t-aonad ar an éileamh agus d'fhreagair sé trí oiliúint a sholáthar le haghaidh Acmhainní Daonna do Bainisteoirí Líne, Oiliúint do Bhaill Bhoird atá ina nAgallóirí, Oiliúint d'Agallaithe, Cleachtais Earcaíochta do Chleachtóirí AD, Bainistíocht Feidhmíochta & Oiliúint Forbartha, Sábháilteacht Phearsanta ag an Obair a Bhainistiú, Tástáil Siciméadrach d'Iarrthóirí, Oiliúint ar Shaoráil Faisnéise agus Dínit ag an Obair. Coimisiúnaíodh an t-aonad freisin chun tabhairt faoi thionscadail sainchomhairleoireachta agus chomhairleacha.

### AONAD NA nÚDARÁS ÁITIÚIL

Cosúil leis na foirne eile, bhí Aonad na nÚdarás Áitiúil an-ghníomhach in 2020. Buaicphointe suntasach don aonad ab ea seoladh an Fhóraithe Tithíochta nua i mí Lúnasa 2020. Tá clár imeachtaí uallmhianach ag an bhfóram, lena n-áirítear seimineáir ghréasáin mhíosúla do chleachtóirí tithíochta ar mórán réimsí sainspéise comhaimseartha. D'fhreastail breis is 100 duine ar gach ceann de na himeachtaí (ionadaithe ar na húdaráis áitiúla, comhlachtaí tithíochta faofa agus ar ghníomhaireachtaí na hearnála poiblí). Bhí éileamh i gcónaí ar an gClár Oiliúna A-Z sa Rialtas Áitiúil i dteannta leis an gclár oiliúna reachtaíochta a d'éirigh go hiontach leis. Cuirtear na cláir seo ar fáil ar líne le meascán de léachtaí fise réamhthaifeadta in éineacht le seisiúin idirghníomhacha fíor-ama. Chuir an t-aonad sraith cúrsaí tithíochta ar fáil freisin, lena n-áirítear Eolas Bunúsach Tithíochta Sóisialta, Bainistíocht Fiachas agus clár Iniúchta Cíos. Lean an fhoireann uirthi ag tacú le seachadadh na gclár atá creidiúnaithe ag an rialtas áitiúil, lena n-áirítear Teastas LG, Dioplóma LG, Teastas Tithíochta agus Dioplóma Tithíochta.



Ar barr: Sa phictiúr (c-d) ag ócáid de chuid Fhóram Tithíochta an IPA bhí Cian Rohan, Speisialtóir Cúnta, agus Philip Byrne, Speisialtóir Sinsearach, Aonad Rialtais Áitiúil.

Ar chlér: Sa phictiúr (c-d) ag labhairt ag ócáid d'Fhóram Rialachais an IPA bhí Nicholas Marcoux, Speisialtóir Sinsearach Rialachais; Aidan Horan, Stiúrthóir, Rialachas, Airgeadas, Bainistíocht Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise/ Bainistíocht Tionscadail agus Údarás Áitiúil; agus Tom Ward, Speisialtóir Sinsearach Rialachais.

## AONAD BAINISTÍOCHTA TF / TIONSCADAIL

Bhí éileamh láidir i gcónaí ar chúrsaí oiliúna RGCS agus ar na tairiscintí bainistíochta tion-scadail agus cúrsaí meán sóisialta. Go traidisiúnta chuireadh an t-aonad oiliúnt úsáideora deiridh ar fáil agus aistríodh é seo go tairiscint fíorúil iomlán. Coimisiúnaíodh sinn i rith na bliana chun a bheith i gceannas ar roinnt comhpháirteachas um athbhreithnú straitéise agus pleanála, agus leanamar ag obair go gníomhach laistigh d'eagraíochtaí cliant agus laistigh dár gclár lárnach ar acmhainn agus inniúlacht bainistíochta tionscadail a thógáil ag leibhéil bhainistíochta sinsearaí agus ag meánleibhéil bainistíochta ar fud earnálacha lárnacha.

## AN tAONAD BAINISTÍOCHTA AIRGEADAIS

Bhí éileamh láidir freisin ar sheirbhísí bainistíochta airgeadais agus seirbhísí a bhaineann le cuntasáíocht. I measc na seirbhísí comhairliúcháin bhí comhairle ar ráitis ar rialú inmheánach, ar ráitis airgeadais bhliantúla agus ar chórais dearbhaithe chomh maith le forbairt beartais airgeadais agus prótacal le haghaidh príomhearnálacha. Sheolamar Teastas CIPFA (Institiúid Chairte um Airgeadas Poiblí agus Cuntasáíocht) i mBainistíocht Airgeadais Phoiblí Idirnáisiúnta (IPFM) agus táimid sásta leis na rátaí rathúlachta a baineadh amach. De bhreis ar na cúrsaí rialta sa réamheolaire ar líne faoi bhainistíocht buiséid, airgeadas do bhainisteoirí nach bhfuil baint acu le hairgeadas, imeachtaí cuntasáíochta earnáil-sonracha, seimineáir ghréasáin ábhar speisialta, iniúchadh inmheánach agus réimsí eile, glacadh go maith leis na tairiscintí nua ar ghnéithe den Chód Caiteachais Phoiblí, agus bhí éileamh mór ar thairiscintí lárnacha agus tháinig fás faoin éileamh ar thairiscintí cliant inti níos mó agus níos mó in 2020 agus isteach i 2021 freisin.

## AN tAONAD RIALTAIS

Roimh an dianghlais agus sular aistríodh go clár fíorúil go hiomlán, d'óstáil an Fóram Rialachais ceithre imeacht pearsanta in 2020. Mheall siad siúd luchtanna freastail móra chuig an bhForas. I measc na réimsí ábhair seo bhí Caidrimh idir Ranna agus Gníomhaireachtaí agus Rialachas Faisnéise, chomh maith le seisiún a raibh an-tóir air, is é sin, seisiún ar ábhair chomhaimseartha a bhfuil éileamh orthu. Bhí Seamus Coffey, Cathaoirleach Chomhairle Chomhairleach Fioscach na hÉireann; Robert Watt, Ard-Rúnaí, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; agus an Dr Richard Boyle, Ceann Taighde, IPA ag cur leo siúd. Ó mhí an Mhárta ar aghaidh, bhí formáid fhíorúil ar an bhfóram agus d'éirigh linn é a aistriú chuig sraith seimineáir ghréasáin ar líne. Ba rud íorónta é gur fhág sé sin go raibh líon na rannpháirtithe i bhfad níos mó ná mar ba ghnách mar gheall ar an rochtain níos leithne agus na srianta teoranta ar rochtain. Chuir an t-ardán fíorúil ar ár gcumas rochtain níos éasca ar fháil ar rannchuiditheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus bhíomar an-sásta leis an aiseolas agus an aitheantas dearfach a fuarthas ó bhall-eagraíochtaí an fhórait. Thug siad faoi deara ár gcuid oibre chun clár an fhórait a choinneáil ar siúl.

Díríodh na himeachtaí fíorúla ar raon leathan réimsí rialachais ábhartha, lena n-áirítear socruithe dearbhaithe agus cuntasachta, tuairiscí airgeadais agus rialachas airgeadais, straitéis, córais bhainistíochta riosca, cultúr, cumarsáid agus caidreamh le páirtithe leasmhara. D'éirigh go hiontach lenár n-ócáid ar an 10 Meán Fómhair ina raibh an tAire Michael McGrath, TD rannpháirteach. Sheol sé iarscríbhinn nua leis an gcód do chomhlachtaí stáit agus tharraing sé aird ar athbhreithnithe criticiúla níos tréimhsíúla a bhí le teacht.

Thionólamar Líonra na gCathaoirleach agus Líonra Rúnaithe an Bhoird freisin agus arís bhí an t-ardán fíorúil an-tairbheach chun rochtain níos mó a éascú ar na seisiúin líonra tiomnaithe seo.

Maidir le seirbhísí rialachais in 2020, bhí éileamh láidir ar sheirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin i gcónaí. Bhí éileamh freisin ar thacaíocht do chliaint trí chláir ionductaithe, oiliúna agus forbartha leanúnaí do bhoird, do chomhlachtaí rialaithe, do choistí, agus d'fhoirne rialachais agus ceannaireachta i gcoitinne. Leanamar ag soláthar athbhreithnithe ar éifeachtúlacht boird agus coiste chomh maith le tascanna coimisiúnaithe maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht a gcuid struchtúr rialachais, socruithe agus creataí a mheas i gcoinne tagarmharcanna noirm agus caighdeán dea-chleachtais ar fud earnálacha éagsúla. Maidir le feidhmiú céim ar chéim an *Chóid Rialachais do Spórt*, chomhoibriomar go gníomhach le Sport Ireland ar réimse imeachtaí seimineár gréasáin do chomhlachtaí rialaithe náisiúnta agus do chathaoirligh. Thacaigh an t-aonad freisin le seachadadh an chláir Teastas Gairmiúil i Rialachas i rith 2020.

Lean an Fóram Pinsean ar aghaidh i bhformáid fhíorúil in 2020 agus seachadadh roinnt imeachtaí sainspéise agus beartaíodh níos mó i gcomhair 2021.

### Teresa Casserly

Stiúrthóir, Forbairt Ghnó, Cheannaireachta agus Bainistíochta, agus Seirbhísí Idirnáisiúnta

### Aidan Horan

Stiúrthóir, Rialachas, Airgeadas, Bainistíocht Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise/ Bainistíocht Tionscail agus Údarás Áitiúil





# 05

SEIRBHÍSÍ  
IDIRNÁISIÚNTA

## 05

## SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA

**Leanadh den chomhpháirtíocht le Seirbhísí Idirnáisiúnta le ENA (École Nationale d'Administration) chun tionscadal a chur i bhfeidhm le chéile i Scoil Náisiúnta an Riaracháin (INA) sa Rómáin, d'fhoth leibhéal a cuid seirbhísí a chur chun cinn ar an iomlán agus chun inniúlachtaí nua a chothú. Cabhraigh an tionscadal fuair maoiniú tacaíochta ó Sheirbhís Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrtha de chuid Choimisiún an AE chun straitéis eagraíochta nua a cheapadh agus chun aonad taighde/nuálaíochta a fhorbairt. Ina theannta sin cabhraigh sé chun uirlisí foghlama nuálacha a shainathint agus a phunann d'fhoghlaim ar líne a mhéadú agus a bhrandáil a chur chun cinn. Meastar na bearta seo um athchóiriú a bheith ina gcéimeanna tábhachtacha chuig comhlíonadh na bpleananna atá ag an tír sin chun an riarachán poiblí ar an iomlán a athchóiriú.**



**TERESA CASSERLY**  
Stiúrthóir, Forbairt Ghnó,  
Ceannaireachta agus  
Bainistíochta, agus Seirbhísí  
Idirnáisiúnta

Fuaireamar amach go déanach in 2019 go raibh struchtúr agus bainistíocht INA á n-athchóiriú mar thoradh ar athrú ar an rialtas sa Rómáin. Cuireadh faoi údarás na hAireachta Oibre Poiblí, Forbartha agus Riaracháin é. Mar sin, b'éigean mórchuid na ngníomhaíochtaí a oiriúnú don chás sin. Chinn SRSS gach gníomhaíocht tionscadail a chur ar fionraí go dtí go mbeadh an scéal níos soiléire do gach duine lena mbaineann. Ina dhiaidh sin, cuireadh in iúl don bhForas go dtabharfaí branda nua don INA mar Scoil Náisiúnta an Riaracháin Phoiblí (SNAP). Go luath in 2020 atosáíodh cumarsáid d'fhoth dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí tionscadail atá fágtha agus d'aontaigh SRSS ina dhiaidh sin an tionscadal a leathnú go dtí an 26 Meitheamh 2020.

Go déanach i mí an Mhárta/go luath i mí Aibreáin rinne an IPA an tionscadal a atheagrú le seachadadh ar líne ag baint úsáide as an ardán Zoom. Bhí sé i gceist ar dtús go mbeadh an Foras ag obair go díreach le foireann INA sa Rómáin i Márta 2020. Thacódh sé seo leis an INA aistriú i dtreo cur chuige foghlama cumaisc chun a chuid clár agus cúrsaí a sheachadadh agus acmhainn a thógáil ar fud réimsí seachadta áirithe. Trína

phlean athbhreithnithe chuir an IPA sraith de ríomh-threoirilínte ar fáil a forbraíodh mar aschur faoi Chomhpháirt Tionscadail 3.1, agus d'eagraigh sé sceideal comhaontaithe de chruinnithe agus comhairliúcháin ar líne chun tacú le haistriú, saincheapadh agus ríomh-oiliúint éifeachtach do mheitheal phiolótach príomhbhaill foirne san INA. Ba ghné ríthábhachtach í seo chun ábhar cumaisc rathúil a thabhairt isteach i dtimpeallacht ar líne, ag cur le cumas INA don am atá le teacht. I gcéimeanna tosaigh an chomhairliúcháin agus na hoiliúna, d'oibrigh an IPA le foireann phiolótach shlán an INA. Tháinig réimsí fócais ar leith chun cinn lena linn sin laistigh den bhfoireann a raibh gníomhaíochtaí breise ar líne ag teastáil ina dtaobh. Dá bhrí bhí ar an IPA treoir, comhairle agus forbairt acmhainne institiúideach níos tomhaiste a sholáthar don INA. Faoi lár 2020 d'éirigh le Foireann Ceannaireachta an IPA gach gné den tionscadal a bhí fágtha don INA a sheachadadh laistigh de chreat ama sonraithe an AE.

In 2019 tugadh cuireadh don IPA togra a chur faoi bhráid Oifig Choimisiún Státseirbhís (OCSC) Ríocht Ríoga na Téalainne chun clár Ceannaireachta agus Bainistíochta Straitéisí a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh. Áiríodh air seo aistriú digiteach ó bhonn do státseirbhísigh cumasacha Téalannacha a bhí le seachadadh in Éirinn i mí Iúil 2019. Bronnadh an togra rathúil ar Ollscoil san Astráil a raibh láithreach shuntasach ar líne aici.

Go déanach in 2019, tar éis cuireadh ón OCSC a fháil, chuir an IPA togra isteach chun Clár Bainistíochta Straitéisí a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh, a chuimsigh anailís agus cur i bhfeidhm straitéiseach, an próiseas déanta beartais, bainistíocht tionscadail agus athrú digiteach ó bhonn do státseirbhísigh cumasacha Téalannacha, le seachadadh in Éirinn i mí Iúil 2020.

I mí an Mhárta 2020 fuaireamar deimhniú gur éirigh lenár dtogra don OCSC sa Téalainn chun clár a sheachadadh in Éirinn. Ó thaobh coincheapa agus dearaidh de araon, bhí tionchar láidir ag taithí fada an IPA ar idirghabhálacha

ceannaireachta sinsearaí a sheachadadh ar an gclár a thairgearmar don OCSC, rud lenár áiríodh príomhchlár an Fhorais 'Dúshlán Ceannaireachta'. Shocraíomar ar cúrsa taistil fionspeisialta de chuairteanna ar shuímh agus de chás-staidéir a eagrú chun léargas a thabhairt ar cheannaireacht i mbun cleachtais, nochtadh do chleachtóirí agus idirphlé le lucht déanta beartais agus ceannairí eisceachtúla a threoraigh idirghabhálacha tuisceanacha agus straitéiseacha chun athrú straitéiseach bríoch a chur i bhfeidhm sa bhfíorshaol. Le linn ár gcuairteanna ar shuímh bhí deiseanna againn teagmháil a dhéanamh le bainisteoirí agus ceannairí sinsearach a bhfuil an cúlra agus an cumas straitéiseach acu oibriú le réimsí casta beartais agus dúshlán oiriúnaitheacha. Dhírigh ár gclár go mór ar líonraí níos láidre a fhorbairt i measc na rannpháirtithe, príomhphrionsabal, rud atá mar bhonn agus taca lenár gcur chuige i leith foghlaim agus forbairt ceannaireachta i gcoitinne.

I bhfianaise na srianta a bhí ag teacht chun cinn ar thaisteal idirnáisiúnta de bharr na paidéime domhanda áfach, chuir an OCSC siar gan ceapadh lae na díospóireachtaí faoi chéad chéim eile an chonartha sin.

#### Teresa Casserly

Stiúrthóir, Forbairt Ghnó, Ceannaireachta agus Bainistíochta, agus Seirbhísí Idirnáisiúnta



# 06

SEIRBHÍSÍ  
LEABHARLAINNE  
& FAISNÉISE



## 06

## SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE &amp; FAISNÉISE

**Is é an Foras an t-aon eagraíocht sa tír seo a bhfuil sainleabharlann don riarachán poiblí aige.**



**SENAN HEALY**  
Ceann na Seirbhísí  
Leabharlainne  
& Faisnéise

Is í an fhís do Leabharlann an Fhorais a bheith ina cuid lárnach, dhílis de phobal an Fhorais a nascann ár gcuid úsáideoirí leis an bhfaisnéis a theastaíonn uathu chun cabhrú leo rath a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag an Leabharlann cultúr cleachtais agus cinnteoireachta atá á threorú ag taighde a chur chun cinn, seirbhísí solúbtha, freagrúla agus ardchaighdeán a chur ar fáil atá ag teacht le riachtanais ár gcustaiméirí, agus cuidiú le rath acadúil a chumasú tríd na scileanna litearthachta faisnéise riachtanacha a chothú. Is é príomhmhisean na Leabharlainne rochtain ar an bhfaisnéis agus an taighde is fearr a sholáthar go tráthúil do mhic léinn, baill foirne agus baill an Fhorais, agus comhairle a thabhairt maidir le húsáid a bhaint as faisnéis ar shlí iomchuí, chriticiúil agus eiticiciúil.

Tá an leabharlann suite ar Bhóthar Lansdún. Cuireann sí seirbhís iasachta, thagartha agus faisnéise ar fáil do mhic léinn, d'fhoireann agus do bhaill an Fhorais. De bhreis air seo freagraítear ceisteanna ó thaighdeoirí tríd an nguthán nó trí ríomhphost. Cuirtear rochtain ar fáil ar leabhair, ríomhleabhair, irisí, bhunachair shonraí leictreonacha, tuarascálacha, staitisticí agus ar fhoilseacháin oifigiúla faoi réimse ghinearálta na bainistíochta poiblí. Clúdaíonn an tseirbhís seo réimse leathan ábhar lena n-áirítear bainistíocht, eacnamaíocht, socheolaíocht, dlí, coireolaíocht, sláinte, airgeadas agus rialtas áitiúil. Tá forbairt agus coimeádaíocht leanúnach bailiúcháin uathúil na Leabharlainne tar éis a seasamh a dhaingniú mar phríomhacmhainn náisiúnta i réimse na

bainistíochta poiblí agus an riaracháin phoiblí. In 2020 dhírigh an Leabharlann ar fhorbairt ar a bailiúcháin r-leabhar a dhéanamh chun breis is 700 príomhthéacs a chur ar fáil do mhic léinn nuair nach raibh rochtain 'phearsanta' ar an Leabharlann.

Is í aidhm na Leabharlainne ná an fhaisnéis cheart agus na hacmhainní cearta a chur ar fáil sa bhformáid is oiriúnaí i dtráth cuí do réimse cliant atá ilghnéitheach agus atá scaipthe ar fud réimse fhairsing gheografach. Úsáideann an Leabharlann bealaí éagsúla cumarsáide chun a cuid seirbhísí a chur chun cinn. Soláthraíonn leabharlannaithe seisiúin treoshuimh do mhic léinn ag tús na bliana acadúla chomh maith le seisiúin faisnéise do mhic léinn aonair nó do ghrúpaí (ar líne agus go pearsanta) i rith na bliana. D'fhreastail na céadta mac léinn ar sheisiúin faisnéise ar líne agus le linn don Leabharlann a bheith dúnta le linn na paindéime Covid-19. Freastalaíonn an Leabharlann ar sheisiúin faisnéise do mhic léinn atá ag dul i mbun oibre taighde le haghaidh tráchtas agus tugann sé comhairle dóibh ar an gcabhair leabharlainne atá ar fáil dóibh. Glacadh le Twitter mar an príomhardán meán sóisialta chun teagmháil a dhéanamh le mic léinn an Fhorais, an pobal taighde seachtrach agus leabharlanna eile.

Tá seomraí léitheoireachta ar fáil chun staidéar a dhéanamh, chun leabhair a léamh agus a fháil ar iasacht agus chun teacht a fháil ar acmhainní leictreonacha. Is féidir le mic léinn leas a bhaint as an tseirbhís Leabharlainne tríd an ghuthán, trí ríomhphost, trí chomhrá gréasáin nó trí rochtain ar bhunachair shonraí leictreonacha agus ar na mílte alt irise lán-téacs trí Moodle. Is féidir ábhair nach bhfuil á gcoinneáil ag an leabharlann a iarraidh trí sheirbhís iasachta idirleabharlainne agus is féidir earraí a sholáthar mar chóip chrua nó mar chóip leictreonach.

Le linn an téarma bíonn an leabharlann oscailte ó 9.15 a.m. go 8.00 p.m. Luan go Déardaoin, agus go dtí 5.15 p.m. ar an Aoine. Lena chois sin bíonn amanna oscailte teoranta i bhfeidhm ar fhormhór de Shathairn le linn an téarma. Tá eolas iomlán agus an t-eolas is deireanaí maidir le huaireanta oscailte ar fáil ar shuíomh gréasáin an Fhorais Riaracháin.

**Senan Healy**

Ceann na Seirbhísí Leabharlainne & Faisnéise

# A SPECIES OF DELUSION?

The Inspectors of Irish Fisheries  
1819–2019

Noël P. Wilkins



# 07

FOILSITHEOIREACHT

## 07

## FOILSITHEOIREACHT

**Nascann obair Rannóg na Foilsitheoireachta, mar chuid de Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker, le gníomhaíochtaí oideachais agus taighde níos leithne an Fhorais agus soláthraíonn sí bonn eolais agus faisnéise tábhachtach chun cleachtas an riaracháin phoiblí a threorú. Críochnaíodh roinnt tionscadal sa bhliain 2020.**



AN DR RICHARD BOYLE

Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorpóraide

## LEABHAIR A FOILSÍODH

Ag teacht leis an straitéis foilsitheoireachta atá á maoirsiú ag Coiste Foilsitheoireachta Leabhar an Fhorais, críochnaíodh roinnt téacsanna le haghaidh a bhfoilsithe nó críochnaíodh iad. Áiríodh orthu:

• *Industrial Relations in Ireland* (5ú eagrán) le Joseph Wallace, Patrick Gunnigle agus Michelle O'Sullivan. Forbhreathnú cuimsitheach ar chaidreamh tionsclaíoch comhaimseartha in Éirinn atá san eagrán nua seo. Sa leabhar seo pléitear na príomhcheisteanna comhthéacsúla agus na peirspictíochtaí teoriciúla go léir, in éineacht le faisnéis faoin gceat institiúideach chun gur féidir dearcadh eolasach ar an ábhar a chruthú. Cuireann sé comhthéacs stairiúil i láthair, rud a spreagann meas ar thosca as a lean forbairt na bpróiseas um chaidreamh tionsclaíoch, dlí agus cleachtas. Forbraíodh nótaí agus cur i láthair PowerPoint freisin mar acmhainn bhreise do léachtóirí.

• *A Species of Delusion? The Inspectors of Irish Fisheries 1819–2019* le Noël P. Wilkins. Sn leabhar seo insítear an scéal faoin gcaoi ar bunaíodh na cigireachtaí, cé a bhí iontu, conas a d'fheidhmigh siad, agus an méid a chuir siad le bainistíocht agus rialáil iascaigh na hÉireann sa lá atá inniu ann.

Foilsíodh roinnt tuarascálacha freisin thar ceann Rannóg Taighde an Fhorais, lena n-áirítear:

• *Knowledge Management: Lessons For Local Government* [Sraith Taighde Rialtais Áitiúil Uimh. 17] le Joanna O'Riordan;

• *Municipal Districts: A Review* [Sraith Taighde Rialtais Áitiúil Uimh. 18] le Richard Boyle, Joanna O'Riordan, Laura Shannon agus Fergal O'Leary;

• *Measuring Customer Satisfaction in Local Government* [Sraith Taighde Rialtais Áitiúil Uimh. 19] le Richard Boyle;

• *Public Sector Trends 2020* [Páipéar Taighde ar Staid na hEarnála Poiblí Uimh. 26] le Richard Boyle;

• trí eagrán den *Local Authority Times*.

## IRELAND – A DIRECTORY

Tá sé seo ar an bhfód le cúig bliana is caoga anois agus meastar gurb é an tEolaire seo an bunachar sonraí is cuimsithí in Éirinn ar eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha. Tá thart ar 9,000 eagraíocht san áireamh san eagrán is déanaí, lena n-áirítear ranna rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí deonacha, eagraíochtaí trádála agus gairmiúla, bainc mharsantacha, gníomhaireachtaí fógraíochta, institiúidí tríú leibhéal, stáisiúin raidió neamhspleacha, na meáin agus institiúidí an AE. Tá an tEolaire ar fáil freisin mar aip teilifóin nó aip deisce. Ghlac an Tánaiste, Leo Varadkar, TD, le cóip den Eolaire ar chéimeanna Fhoirgnimh an Rialtais an 11 Nollaig 2020.

## ADMINISTRATION JOURNAL

Foilsíodh ceithre eagrán d'iris an Fhorais Riarachán Administration, i rith na bliana. Tá gach eagrán agus alt as imleabhar 63 ar aghaidh ar fáil saor in aisce ar líne: <https://sciendo.com/journal/ADMIN>

## COMHAIRLEOIREACHT FOILSITHEOIREACHTA

Lean Rannóg na bhFoilseachán uirthi ag tairiscint a saineolais maidir le táirgeadh agus bainistíocht tionscadal foilsitheoireachta thar ceann eagraíochtaí na hearnála poiblí. Cuireadh an *Irish Probation Journal* le chéile thar ceann na Seirbhíse Promhaidh agus an Bhoird Promhaidh do Thuaisceart Éireann (foilseachán Thuaidh/Theas), agus foilsíodh an t-imleabhar is déanaí d'entsraith *Documents on Irish Foreign Policy* thar ceann Acadamh Ríoga na hÉireann.

An Dr Richard Boyle

Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorpóraide

## Industrial Relations in Ireland

Joseph Wallace  
Patrick Gunnigle  
Michelle O'Sullivan

Fifth  
edition



VOL 68 No 4 2020

## Administration

Journal of the Institute of Public Administration of Ireland

A Tribute to Dr Richard Boyle





# 08

SEIRBHÍ  
AIRGEADAIS &  
CORPARÁIDE

## 08

## SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS &amp; CORPARÁIDE

Tá spriocanna agus cuspóirí na Rannóige Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha ag teacht le Straitéis Chorporáideach an IPA agus glacann an rannóg cur chuige comhpháirtíochta chun éilimh na ngeallsealbhóirí, idir inmheánach agus sheachtrach, a chomhlíonadh. Oideachas, Oiliúint agus Forbairt IPA a sheachadadh, Lean seirbhísí taighde agus foilsitheoireachta ar aghaidh i rith 2020, agus chuir an leanúnachas gnó seo, de réir threoirilíní an rialtais, dúshlán shuntasacha roimh Rannóg Seirbhísí Corparáide an Fhorais. Agus iad ag obair le comhghleacaithe ar fud an Fhorais, chinntigh pearsanra Airgeadais agus Seirbhísí Corparáide an IPA gur leanadh ag baint amach spriocanna agus cuspóirí agus léirigh siad sármhaitheas agus tiomantas d'fhís agus do mhisean an IPA. Tugtar breac-chuntas thíos ar phríomhréimsí ardfheidhmíochta ar fud na Rannóige Airgeadais agus Seirbhísí Corparáide i adtaobh 2020.



**NOREEN FAHY**  
Stiúrthóir, Airgeadas agus  
Seirbhísí Corparáide

#### TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

D'éiligh leanúnachas gnó ar an IPA aistriú chuig samhail ghnó Oideachais agus Oiliúna ar líne chun cloí le treoirilíní an rialtais ag teacht na srianta paindéime in 2020. D'éirigh le foireann TFC an IPA, agus í ag obair as láimh a chéile le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta, na réitigh bhonneagair theicneolaíocha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an t-aistriú digiteach agus gnó seo a chumasú.

Cuireadh tuiscint ar chibirbhagairtí a chuirfeadh deireadh iomlán le leanúnachas gnó a bhuíochas le maolú riosca agus infheistíocht shuntasach in acmhainní daonna agus airgeadais thar gach gné de chibearshlándaíl agus slándáil sonraí.

*Cheachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.* Leanann an IPA ag iarraidh a dhícheall a dhéanamh chun barr feabhais a bhaint amach ina socrúithe rialachais agus chuir sé i bhfeidhm go leor feabhsuithe ar a éifeachtúlacht rialachais féin le linn 2020.

Chun nádúr tromchúiseach na paindéime a léiriú, agus go sonrach na rioscaí a d'fhéadadh leanúnachas gnó a chur i mbaol, chuir an Grúpa Bainistíochta Sinsearaí córas tuairiscithe riosca feabhsaithe ar bun do Bhord an IPA agus don Choiste Iniúchta agus Riosca ar feadh ré na paindéime.

Lean Coiste Iniúchta agus Riosca an Fhorais ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm *Phlean Iniúchta Inmheánaigh Straitéisigh* an Fhorais i rith 2020, plean a chuir go dearfach leis na socrúithe dearbhaithe ar fud na heagraíochta.

#### AIRGEADAS

Léiríonn na Ráitis Airgeadais iniúchta i dtaoibh 2020, a ghabhann leis an tuarascáil seo, barrachas, fás leanúnach sna cúlchistí agus leachtacht leanúnach. Is díol suntais ar leith an fheidhmíocht den scoth seo i bhfianaise na rioscaí leanúnachais gnó mar gheall ar na srianta paindéime Covid-19 a luadh cheana.

D'éirigh linn Céim 1 de Chóras Bainistíochta Airgeadais nua a chur i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2020. Bhí sé in am agus laistigh den bhuiséad. Cuirfidh an córas seo ar ár gcumas faisnéis ghnó a bhailiú ar shlí níos éifeachtaí agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht ár slabhraí soláthair agus faisnéise bainistíochta le haghaidh cinnteoireachta. Tacóidh an réiteach scamall-chumasaithe agus gan pháipéar seo leis an IPA moltaí an rialtais a chur i bhfeidhm maidir le hinbhuanaitheacht agus cibearshlándaíl.

#### SOLÁTHAR

Bhí feabhsúcháin leanúnacha ar fheidhm soláthair láraithe an IPA ag cur tuilleadh le héifeachtacht na timpeallachta rialaithe inmheánaigh laistigh den IPA.

Bhí laghdú breise ar líon na soláthar neamhchomhlíontach / neamhiomaíoch > €25k, agus críochnaíodh cur i bhfeidhm próiseas trí luachan ar fud na heagraíochta le haghaidh soláthairtí <€25k.

#### SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHT AGUS LEAS AG OBAIR

Ní raibh aon ráigeanna Covid-19 ann maidir le hoibríochtaí gnó in áitreabh an IPA in 2020. Chuir foireann áiseanna an IPA gach prótacal Covid-19 de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm agus bhainistigh siad iad go han-éifeachtach. Chuaigh pearsanra uile an IPA a d'fhreastail ar an láithreán chun críocha gnó riachtanachatuiscint ar gach prótacal sláinte agus sábháilteachta agus chloigh siad leo.

#### ÁISEANNA AGUS EASTÁIT

Leanadh den infheistíocht i gclár inbhuanaitheachta an IPA, agus sáraíodh spriocanna náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí don chlár trí bliana dar críoch 2020.

Nuair a bhí cead de réir na srianta, leanadh le cur i bhfeidhm an bheartais chóiríochta a bhí glactha ag an mBord, a dhíríonn ar réitigh chomhaimseartha oifige lena n-áirítear réitigh gan pháipéar, folláine foirne agus beartais deisce glaine.

#### INIÚCHADH AGUS RIALACHAS

Chomhlíon an Foras a chuid oibleagáidí maidir le hairgeadas, cánachas agus rialáil le linn 2020 agus lean sé air ag déanamh athbhreithnithe agus nuashonruithe ar a chuid struchtúir rialachais corporáide de réir an *Chóid*

#### IONCHAS AIRGEADAIS LE HAGHAIDH 2021

D'ainneoin an tionchair láidir a bhí ag an bpaindéim Covid-19 ar oibríochtaí gnó an Fhorais, táthar ag súil le feidhmíocht dhearfach airgeadais le haghaidh 2021. Mar a d'admhaigh Bord an Fhorais, tá sé seo amhlaidh de bharr tiomantais, spreagtha agus solúbthachta bhainistíochta agus fhoireann an Fhorais chun soláthar seirbhísí Oiliúna agus Oideachais a mhúnlú ina samhail oibre atá ar líne agus i bhformáid cianoibre ina h-iomláine. Is ar éigean a chuir sé sin isteach ar an tseirbhís. Leanann bainistíocht agus foireann an IPA orthu ag pleanáil le haghaidh imeachtaí éagsúla a chuireann an tsamhail ghnó nua ar fáil agus a léireoidh an domhan tar éis na paindéime agus tá táscairí airgeadais le haghaidh 2021, ag an gcéim luath seo, an-dearfach i gcónaí.

Tá deontas bloic an Fhorais ag €2.725m i gcónaí in 2021 (mar a bhí in 2020). Tacáíocht dhearfach is ea é seo ón mháthair-roinn. Bhí buiséad €12.292m ag an bhForas le haghaidh láimhdeachais na bliana 2021 le barrachas buiséadaithe €58k.

#### Noreen Fahy FCCA

Stiúrthóir, Airgeadas agus Seirbhísí Corparáide



09

SEARMANAIS  
BHRONNTA



## 09

## SEARMANAIS BHRONNTA

Mar gheall ar na srianta sláinte poiblí a cuireadh i bhfeidhm de dheasca na paindéime Covid-19, ní raibh an IPA in ann searmanais bhronnta a réachtáil go pearsanta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Agus í ag iarraidh aitheantas a thabhairt do ghaiscí na mac léinn sin a chríochnaigh a gcuid clár in 2020, d'oibrigh an Rannóg Oideachais go crua chun searmanais bhronnta fíorúla a sholáthar a chuirfeadh

ar chumas na mac léinn taitneamh a bhaint as ócáid thábhachtach dóibh féin agus dá dteaghlaigh. Dé hAoine, 18 Nollaig 2020, bhí mic léinn in ann féachaint ar shruth beo imeachtaí ón bhForas ar fhreastail Uachtarán an Fhorais, Cathaoirleach an Fhorais, Cláraitheoir ONÉ agus fhoireann acadúil an Fhorais air. Ag na searmanais fhíorúla seo thug Seansailéir ONÉ, Ard-Rúnaí na Roinne Caiteacha is agus Athchóirithe Poiblí, Ceann Scoil Whitaker agus foireann léachtóireachta teachtaireachtaí comhghairdeas. Tá sampla de cheann de na searmanais bhronnta fíorúla seo (dámhachtainí iarchéime) ar fáil ag: <https://www.ipa.ie/home/confering-2020-4.5377.html>

Bronnadh dioplómaí, céimeanna baitsiléara agus céimeanna baitsiléara agus iarchéimeanna ar 1,012 mac-léinn san iomlán. Bronnadh teastais ar 647 mac-léinn eile.

Ba iad seo a leanas na duaiseanna a bronnadh ag na searmanais seo:

#### Macléinn Iarchéime na Bliana 2020 de chuid Scoil Whitaker Rialtais agus Bainistíochta

Jerry O'Donovan

#### Macléinn Fochéime na Bliana 2020 de chuid Scoil Whitaker Rialtais agus Bainistíochta

Claire Moran

### DÁMHACHTAINÍ IARCHÉIME

#### Máistreacht Ealaíon (Dlí Coiriúil)

An Chéad Áit: Shauna Kerr

#### Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Airgeadais)

An Chéad Áit: Sarah Henry

#### Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Cúram Sláinte)

An Chéad Áit: Thomas MacMahon

#### Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad Áit: Jean Usher

#### Máistreacht Ealaíon (Ceannaireacht agus Straitéis)

An Chéad Áit: Brendan O'Dowd

#### Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Rialtais Áitiúil)

An Chéad Áit: Anthony Fitzpatrick

#### Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Phoiblí)

An Chéad Áit: Liam Doherty



**Máistreacht in Eolaíocht Eacnamaíochta in Anailís Bheartais**

An Chéad Áit Roinnte: Robert Barnes, Jennifer Coone, Niamh Guihen

**Máistreacht Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht**

An Chéad Áit: Roisin Somers

**DÁMHACHTAINÍ DIOPLÓMA IARCHÉIME****Dioplóma Iarchéime in Anailís Bheartais**

An Chéad Áit Roinnte: Kerry Curran, Sarah O'Farrell

**Dioplóma Iarchéime i mBainistíocht Phoiblí**

An Chéad Áit: Margaret Triggs

**DÁMHACHTAINÍ TEASTAIS GHAIRMIÚIL****Teastas Gairmiúil i Rialachas**

An Chéad Áit: Janice Gaffney

**Teastas Gairmiúil Rialachais (An Garda Síochána)**

An Chéad Áit: Joanne McCormack

**Teastas Gairmiúil i Rialachas (Spórt Éireann)**

An Chéad Áit: Conn McCluskey

**DÁMHACHTAINÍ FOCHÉIME****Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Cúram Sláinte)**

An Chéad Áit: David McCabe

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)**

An Chéad Áit: Valerie Campbell

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht TF)**

An Chéad Áit: Cian Coghlan

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Dlí & Riarachán Ceartais)**

An Chéad Áit Roinnte: Eugene Gargan, Peter Kelly

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Rialtas Áitiúil) &****Faighiteoir Gradam Gnóthachtála Acadúla Bliantúla Chomhairle Contae Chorcaí**

Sinead Ni Thiarnain

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht agus Bainistíocht Phoiblí)**

An Chéad Áit: Claire Moran

**Baitsiléir i Staidéar Gnó (Onór.) (Cuntasaíocht) & Faighiteoir na Duaise Bliantúla CIMA**

An Chéad Áit: Leanne Burke

**Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)**

An Chéad Áit: Louise Clarke

**Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Margaíocht)**

An Chéad Áit: Rose Anderson



## DÁMHACHTAINÍ DIPLOMA GHAIRMIÚIL FOCHÉIME

### **Dioplóma Gairmiúil in Eacnamaíochtaí Sláinte**

An Chéad Áit: Eoin Ryan

### **Dioplóma Gairmiúil i Staidéar Tithíochta**

An Chéad Áit: Marcus Campbell

### **Dioplóma Gairmiúil i gCearta Daonna agus Comhionannas**

An Chéad Áit Roinnte: Danielle Daly, Brenda Fields

### **Dioplóma Gairmiúil i gCaidreamh Tionscail & Fostaíochta**

An Chéad Áit: Yvonne Grant

### **Dioplóma Gairmiúil i mBainistíocht Athraithe**

An Chéad Áit: Barry McCann

### **Dioplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais**

An Chéad Áit: Kieran O'Leary

### **Teastas Gairmiúil i mBainistíocht Togra**

An Chéad Áit: Anthony O'Reilly

### **Dioplóma Gairmiúil i Soláthar Poiblí**

An Chéad Áit: Karolina Wiktorowska

## DÁMHACHTAINÍ DIPLOMA FOCHÉIME

### **Dioplóma i Staidéar Gnó**

An Chéad Áit: Michelle Harrison

### **Dioplóma i Staidéir Státseirbhíse agus Gníomhaireachtaí Stáit**

An Chéad Áit: Muiriosa Cassells

### **Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta**

An Chéad Áit: Lisa Morgan

### **Dioplóma i mBainistíocht Chúram Sláinte**

An Chéad Áit: Laura Tier

### **Dioplóma i mBainistíocht Acmhainní Daonna**

An Chéad Áit: Mary Martin

### **Dioplóma i nDlí**

An Chéad Áit: Deirdre Stacey

### **Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil**

An Chéad Áit Roinnte: Jennifer Harrington

### **Dioplóma i mBainistíocht**

An Chéad Áit: Maria Malone

### **Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí**

An Chéad Áit Roinnte: Gillian Coffey, Gary Donoghue





# 10

FOR-ROCHTAIN

10

FOR-ROCHTAIN

**Leanadh de chlár for-rochtana an Fhorais ar fud na hearnála poiblí i gcoitinne. Bítear ag brath go mion-minic ar shaineolas foireann an Fhorais i slite eile seachas soláthar díreach seirbhísí.**

Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de líonra Stiúrthóirí Institiúidí agus Scoileanna de chuid Riaracháin Phoiblí san Eoraip agus den Ghrúpa Stiúrtha Idirnáisiúnta ar Scoileanna Rialtais de chuid ECFE. Tá sí ina ball freisin de Bhord Chumann na bPríomhfheidhmeannach ar Ghníomhaireachtaí Stáit (ACESA), freastalaíonn sí ar chruinnithe Seanad OÉ agus tá sí ina cathaoirleach ar an bhFóram Comhairleach Straitéiseach don tSeirbhís Abhcóideachta Othar. Tá an Dr Michael Mulreany, Ard-Stiúrthóir Cúnta, ina bhall de choiste iniúchta agus riosca na Comhairle Ealaíon agus ina bhall de choiste stiúrtha an tionscadail 'Stair na Roinne Airgeadais Imleabhar 2'. Bhí an Dr Richard Boyle ina bhall de Ghrúpa Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí Our Public Service 2020 agus ina bhall den Ghrúpa Taighde Meastóireachta Idirnáisiúnta ar Mheastóireacht Beartais agus Cláir. Tá Noreen Fahy agus Aidan Horan ina mbaill de roinnt coistí iniúchta agus riosca san earnáil poiblí agus stáit. Feidhmíonn sainfhoireann an IPA mar bhaill neamhfheidhmiúcháin ainmnithe de choistí iniúchta agus riosca laistigh de ranna rialtais, boird stáit agus rialála, agus údaráis áitiúla, chomh maith le comhlacht náisiúnta rialaithe spóirt. Freastalaíonn foireann an IPA freisin mar bhaill de chomhlachtaí gairmiúla a oibríonn ar mhaithe le leas an phobail agus i réimsí a bhaineann le sainordú an Fhorais.

Le linn 2020 reáchtáladh roinnt seimineár fíorúla bricfeasta earraigh agus samhraidh dírithe ar leibhéal POF, stiúrthóra nó feidhmiúcháin shinsearaigh, inar ardaíodh saincheisteanna tábhachtacha. Mar shampla, d'óstáil Fóram Rialachais an IPA seimineár míosúil ar ábhair a bhaineann le rialachas. Lena chois sin d'óstáil an Foras roinnt seimineár maidine chun comhphlé agus díospóireacht a chur chun cinn i measc státseirbhíseach sinsearach agus fostaithe sinsearacha na seirbhíse poiblí ar cheisteanna tábhachtacha.

11

## BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHORAIS

**AN DR MARIAN O'SULLIVAN**

*Ard-Stiúrthóir  
mosullivan@ipa.ie*

**AIDAN HORAN**

*Stiúrthóir, Rialachas, Airgeadas,  
Bainistiú Acmhainní Daonna,  
Teicneolaíocht Faisnéise/  
Bainistíocht Tionscail  
agus Údarás Áitiúil  
ahoran@ipa.ie*

**AN DR MICHAEL MULREANY**

*Ard-Stiúrthóir Cúnta,  
Oideachas agus Taighde  
mmulreany@ipa.ie*

**AN DR RICHARD BOYLE**

*Ceann Taighde, Foilsitheoireachta  
agus Caidrimh Chorporáide  
rboyle@ipa.ie*

**NOREEN FAHY**

*Stiúrthóir, Airgeadas agus  
Seirbhísí Corparáide  
nfahy@ipa.ie*

**KATHERINA MCCAUL**

*(EANÁIR-AIBREÁN 2020)  
Stiúrthóir, Acmhainní Daonna,  
agus Rúnaí Cuideachta  
kmccaul@ipa.ie*

**TERESA CASSERLY**

*Stiúrthóir, Forbairt Ghnó,  
Cheannaireachta agus  
Bainistíochta, agus Seirbhísí  
Idirnáisiúnta  
tcasserly@ipa.ie*